**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2001**

LAIDIN – ARDLEIBHÉAL
(400 marc)

DÉ CÉADAOIN, 20 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA 2.00 – 4.30

**1.** **[80]**

**(i)** Cuir Gaeilge ar: (50)

Hos aliquis, tremula dum captat arundine pisces,
aut pastor baculo, stivave innixus arator,
vidit, et obstipuit: quique aethera carpere possent
credidit esse deos. et iam Iunonia laeva
parte Samos – fuerant Delosque Parosque relictae –
dextra Lebynthos erant fecundaque melle Calymne,
cum puer audaci coepit gaudere volatu,
deseruitque ducem, caelique cupidine tractus
altius egit iter.

**OIVID**

**(ii)** Freagair **trí cinn ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú deich marc gach aon cheist acu):- (30)

**(a)** Nuair a chuireann Oivid an t-iascaire, an t-aoire agus an treabhdóir inár láthair sa dá líne thosaigh, cén éifeacht a bhíonn leis?

**(b)** Conas a tharla go raibh cónaí ar Daedalus sa Chréit? Cén fáth a ndearna sé iarracht ar éalú?

**(c)** Cad é do mheas ar an mbealach éalaithe a ndéanann Oivid cur síos air? Cén fáth a luann Oivid ainmneacha na n-oileán a ndeachaigh Daedalus agus Icarus tharstu?

**(d)** Ó na sleachta as scéal Daedalus agus Icarus atá ar do chúrsa, cén tuairim atá agat d'Icarus?

**(e)** Conas a léiríonn Oivid a chuid buanna scéalaíochta sa bhealach ina n-insíonn sé scéal Daedalus agus Icarus?

**(f)** Scríobh nóta ar shaol Oivid.

**2.** Cuir Gaeilge ar:- **[80]**

(*Feiceann Aeinéas Dído agus Anchises sa Domhan Íochtarach*)

Ubi Aeneas in Orcum pervenit, multos mortuos vidit. Permultos heroes et Troianorum et Graecorum agnovit. Didonem quoque conspexit et amplecti conatus est. Sed frustra quod manes Didonis e conspectu eius fugit.

Aeneas tristis in limine se aqua pura lavit. Cum ingressus esset Elysium, ibi patrem Anchisen invenit. Simulac patrem appropinquantem vidit, lacrimas cohibere vix poterat. Aeneas amore permotus manes patris amplecti conatus est sed frustra. Anchises inquit "Gens Troiana magnam gloriam habebit, nam hoc est consilium deorum."

Orcus: an Domhan Íochtarach. agnosco: aithním. amplector: beirim barróg ar.
conor: déanaim iarracht. manes: spiorad. limen: tairseach. lavo: ním. Elysium: Élysium (áitreabh na ndaoine beannaithe). simulac: chomh luath agus. cohibeo: smachtaím.

**THALL➔**

**3.** Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair **deich gcinn ar bith** de na ceisteanna ina dhiaidh. **[80]**
(Is fiú ocht marc gach aon cheist acu):-

*(Déanann Verres iarracht dealbh a thabhairt leis ó mhuintir Segesta)*

Segesta est oppidum antiquum in Sicilia, quod milites Troiani fugientes a Troia condiderunt. Itaque Segestani existimaverunt se cum populo Romano cognationem et amicitiam habere.

Fuit apud Segestam Dianae simulacrum ex aere factum. Sagittae pendebant ab umero. Sinistra manus tenebat arcum, dextra manus ardentem facem ferebat. Statua colebatur a civibus, ab omnibus advenis spectabatur.
"Cum in Sicilia essem," inquit Cicero, "nihil ab Sicilianis demonstratum est prius."

Verres, praefectus Siciliae et hostis sacrorum omnium, hanc statuam vidit. Eam magnopere cupivit. Imperavit magistratibus ut eam removerent et sibi darent.

condo: bunaím, tógaim. cognatio: gaol, cóngas. simulacrum: dealbh.
aes: cré-umha. fax: tóirse. colo: tugaim urraim do. advena: cuairteoir.

**(i)** Cé a bhunaigh Segesta? Cad a bhí ar siúl ag na daoine sin ag an am?
**(ii)** Cén muintearas a bhí idir muintir Segesta, dar leo féin, agus na Rómhánaigh?
**(iii)** Cé duine a raibh dealbh dó/di i Segesta agus cad as a ndearnadh í?
**(iv)** Cad a bhí á choinneáil ag an dealbh ina láimh chlé agus ina láimh dheas?
**(v)** Cén t-urraim a thugadh na saoránaigh agus na cuairteoirí don dealbh?
**(vi)** Cad a insíonn Ciceaтó dúinn faoin tréimhse a chaith sé sa tSicil?
**(vii)** Cérbh é Verres? Cén saghas duine a bhí ann?
**(viii)** Nuair a chonaic Verres an dealbh i Segesta, conas a chuaigh sí i bhfeidhm air?
**(ix)** Cad iad na horduithe a thug sé do na giúistísí?
**(x)** Scríobh nóta gairid gramadaí mar gheall ar *essem* (líne 5) **nó** *magistratibus* ( líne 7).
**(xi)** Tabhair príomhranna **dhá** cheann de na briathra seo a leanas as an sliocht:

fugio, habeo, teneo, fero, do.

**(xii)** Tabhair an Tuiseal Ginideach, Uimhir Uatha de **thrí cinn** de na hainmfhocail seo a leanas as an sliocht:-

oppidum, populus, amicitia, manus, civis.

**4.** Freagair Roinn A **nó** Roinn B. ( Is fiú ochtó marc gach roinn):- **[80]**

**A.** Cuir Laidin ar:

**(a)** Nuair a theich Secundus go hAlexandria, tháinig mórán cathróirí chuig an gcuan chun é a fheiceáil. (16)

**(b)** Theastaigh ó Secundus fanacht sa chathair mar bhí eagla air roimh a naimhde sa bhaile. (16)

**(c)** Ach thug teachtairí a tháinig ón Róimh, rabhadh dó imeacht. (16)

**(d)** Dá bhrí sin, sheol Secundus trasna na farraige chuig an Spáinn gan mhoill. (16)

**(e)** Chuir na Spáinnigh fáilte chomh muinteartha sin roimhe go raibh sé an-áthasach. (16)

Spáinnigh: Hispani. muinteartha: benigne.

**NÓ**

**B.** Cuir Gaeilge ar:

(*Tugtar urraim mhór d'Atticus, duine a sheachnaíonn aighneas i gcónaí, san Aithin agus sa Róimh.)*

Atticus, cum iuvenis esset, vidit Romam tumultu perturbatam esse. Quod facultatem vivendi cum dignitate non habuit, Athenas profectus est. Multos annos in hoc loco ita vivebat ut omnibus Atheniensibus carissimus esset.

Ubi res tranquillae erant, Romam revertit. Eum universa civitas Atheniensium multis cum lacrimis prosecuta est.

Bello civile incepto, Atticus cum annos sexaginta haberet, aetatis vacatione usus est neque Roma discessit. Ibi splendidam domum habuit ab avunculo hereditate relictam in qua erant servi doctissimi et lectores optimi. Per totam vitam civis optimus et amicus fidelis ab omnibus Romanis habitus est.

pertubo: cuirim trí chéile. facultas: deis. vivo: caithim mo shaol. reverto: fillim ar ais.
prosequor: cuirim slán le. incipio: tosaím. vacatio: leathscéal. avunculus: uncail.
hereditas: oidhreacht. doctus: oilte, léannta. lector: léitheoir, duine a léann os ard.
habeor: glactar liom mar.

**5.** **Stair na Róimhe, 264 – 44 R.Ch.** Freagair Roinn A **agus** Roinn B. **[40]**

**A.** Tabhair faoi **chúig cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i bhfreagra ar bith. (20)

- **(i)** Cad é a bhí sa *corvus* agus conas a chabhraigh sé leis na Rómhánaigh buanna a fháil ar muir?
- **(ii)** Cén gníomh de chuid Hannibal a spreag an Dara Cogadh Púnach?
- **(iii)** Cad iad na taicticí a chabhraigh le Hannibal Cath Channae a bhuachan sa bhliain 216 R. Ch?
- **(iv)** Cén matamaiticeoir cáiliúil a maraíodh nuair a ghabh na Rómhánaigh cathair Syracusae sa bhliain 211 R.Ch.?
- **(v)** Cé a dúirt na focail *Delenda est Carthago* agus cén ócáid a bhí i gceist?
- **(vi)** Cé a chuir ar Tiberius Gracchus leasuithe talamhaíochta a mholadh?
- **(vii)** Cén tábhacht a bhí le cathanna Aquae Sextiae agus Vercellae?
- **(viii)** Cérbh é Mithridates agus conas a chruthaigh sé fadhbanna do na Rómhánaigh den chéad uair?
- **(ix)** Cad iad na cumhachta a ghnóthaigh Pompeius ón *Lex Gabinia*?
- **(x)** Cén ócáid a bhí ann nuair a dúirt Julius Caesar na focail, *veni, vidi, vici*?

**B.** Rianaigh go gairid saol gairme míleata Sulla. Cén saghas duine ba ea Sulla, dar leat? (20)

**NÓ**

Scríbhneoir agus scoláire ba ea Cicero a bhí gníomhach chomh maith i saol an phobail. Rianaigh go gairid príomhimeachtaí a shaoil sa pholaitíocht. (20)


**THALL➔**

**6. Saol Sóisialta agus Sibhialtacht na Rómhánach.** Freagair Roinn A **agus** Roinn B. **[40]**

**A.** Tabhair faoi **chúig cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i bhfreagra ar bith. (20)

**(i)** Cad iad na príomhdhualgais a bhí ar an *censor*?
**(ii)** Cad iad na dualgais a bhí ar an *haruspex*?
**(iii)** Cérbh iad na Maighdeanacha Veisteacha, agus cén ról a bhí acu?
**(iv)** Cén gaol a bhí idir *patronus* agus a chuid *clientes*?
**(v)** Sa teach Rómhánach, cad ba *impluvium* ann?
**(vi)** Luaigh **dhá** nós a raibh baint acu le searmanais phósta Rómhánacha.
**(vii)** Cad ba *bulla* ann agus cén fheidhm a bhí leis?
**(viii)** Luaigh **dhá** úsáid a bhaintí as ola olóige sa saol Rómhánach.
**(ix)** Cad ba *aquila* ann agus cén fheidhm a bhí leis san arm Rómhánach?
**(x)** Cérbh iad na *equites,* agus cén ról a bhí acu sa tsochaí Rómhánach?

**B.** Féach ar an léaráid thíos den searmanas Rómhánach nuair a bhíodh daor (sclábhaí) á shaoradh agus freagair na ceisteanna a leanann é:- (20)



**(i)** Déan cur síos ar a dtarlaíonn ag searmanas an tsaortha. (4)

**(ii)** Luaigh **dhá** bhealach choitianta ina ndéantaí daoir (sclábhaithe) de dhaoine sa saol Rómhánach. (4)

**(iii)** Samhlaigh go bhfuil fiche bliain caite mar dhaor (sclábhaí) agat i measc na Rómhánach. Chruthaigh tú go maith do do mháistir agus tá tú le do shaoradh anois. Déan cur síos ar do chuid oibre le linn blianta úd na daoirse (sclábhaíochta). Abair cén fáth a bhfuil tú le do shaoradh, agus a bhfuil beartaithe agat a dhéanamh a luaithe agus a bheidh tú saor. (12)